



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséal, 5 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

12825/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0314 (NLE)

LIMITE

CORLX 854
CFSP/PESC 1240
RELEX 1247
COEST 697
FIN 1000

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine

RIALACHÁN (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/... ón gComhairle an ... lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine¹⁺,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

¹ IO L ..., ..., ..

⁺ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta ghlactha agus sraithuimhir an Chinnidh atá in ST 12823/22 agus comhlánaigh an fonóta a ghabhann leis leis an teideal iomlán agus tagairt IO.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh 833/2014¹ a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine.
- (2) Tugtar éifeacht le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle².
- (3) Mar fhreagra ar an bhfogha breise a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráine, ar eagrú ‘reifrinn’ bhréagacha neamhdhleathacha i gcodanna réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk, agus Zaporizhzhia atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach ag Cónaidhm na Rúise faoi láthair, ar an ionghabháil neamhdhleathach ar na réigiúin sin san Úcráin ag Cónaidhm na Rúise agus ar an slógadh pháirteach i gCónaidhm na Rúise agus ar na bagartaí leanúnacha uaithe úsáid a bhaint as arm ollscriosta, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/...⁺ lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES an....

¹ Rialachán (AE) Uimh 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1).

² Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

⁺ IO: cuir isteach le do thoil dáta ghlactha agus sraithuimhir an Chinnidh atá in ST 12823/22.

- (4) Le Cinneadh (CBES) 2022/...⁺, leathnaítear liosta na n-ítimí srianta a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch Chónaidhm na Rúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, trí shubstaintí ceimiceacha áirithe, earraí oibreán néaróige a áireamh ar an liosta sin; eadhon substaintí ceimiceacha, oibreáin néaróige agus earraí nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil leo seachas le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta agus le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, nó ar féidir úsáid a bhaint astu chun na gcríoch sin. Cumhdaítear freisin le Rialachán (AE) 2019/125 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ earraí atá faoi réir an toirmisc sin. Sa chomhthéacs sin, caithfear le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar *lex specialis* agus, dá bhrí sin, i gcás coinbhleachta, tá tosaíocht aige ar Rialachán (AE) 2019/125.
- (5) Le Cinneadh (CBES) 2022/...⁺ cuirtear toirmeasc ar airm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus armlón a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú. Cumhdaítear freisin le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle earraí atá faoi réir an toirmisc sin². Sa chomhthéacs sin, caithfear le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar *lex specialis* agus, dá bhrí sin, i gcás coinbhleachta, tá tosaíocht aige ar Rialachán (AE) Uimh. 258/2012.

⁺ IO: cuir isteach le do thoil dáta ghlactha agus sraithuimhir an Chinnidh atá in ST 12823/22.

¹ Rialachán (AE) 2019/125 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (IO L 30, 31.1.2019, lch. 1).

² Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 Ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

- (6) Le Cinneadh (CBES) 2022/...⁺, cuirtear síneadh breise leis an toirmeasc ar allmhairiú táirgí cruach de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó a onnmhairíodh uaithi. Forchuirtear leis freisin srianta ar allmhairí ar ítimí breise, lena ngintear ioncam mór do Chónaidhm na Rúise. Tá feidhm ag an toirmeasc seo maidir le hearraí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó earraí a onnmhairítear uaithi agus lena n-áirítear ítimí amhail laíon adhmaid agus páipéar, eilimintí áirithe a úsáidtear i dtionscal na seodóireachta amhail clocha agus miotal lómhar, innealra agus ítimí ceimiceacha áirithe, toitíní, plaistigh agus táirgí ceimiceacha críochnaithe amhail cosmaidí. Leathnaítear leis freisin an toirmeasc ar onnmhairiú trí ítimí nua a chur le liosta na n-earraí a d'fhéadfadh cur le feabhas ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Rúise. Forchuirtear leis freisin srianta ar earraí breise a úsáidtear in earnáil na heitlíochta a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú.
- (7) Tá an tAontas tiomanta bagairtí ar an tsábháilteacht núicléach agus ar an tslándáil núicléach a sheachaint. Dá bharr, ní fhéachtar le haon cheann de na bearta sa Rialachán an bonn a bhaint de shábháilteacht na gcumas núicléach sibhialta ná den chomhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha, ná de phleanáil, tógáil agus innealtóireacht, coimisiúnú, cothabháil agus soláthar breosla de thionscadail nuathógtha núicléacha.

⁺ IO: cuir isteach sraithuimhir an Chinnidh atá in ST 12823/22.

- (8) Le Cinneadh (CBES) 2022/...⁺ tugtar isteach díolúine ón toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, a bhaineann le hamhola nó táirgí peitri Liam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis a iompar ar shoitheach chuig tríú tíortha, is é sin amhola nó táirgí peitri Liam arna gceannach de réir caidhp phraghais réamhshocraithe, nó faoi bhun na caidhpe praghais sin, arna socrú ag an gComhghuaillíocht Caidhpeanna Praghais. Ba cheart leis an díolúine sin drochiarmhairtí ar sholáthar fuinnimh chuig tríú tíortha a mhaolú agus chun borradh praghsanna de bharr dálaí urghnácha sa mhargadh a laghdú, agus ioncam ola na Rúise a theorannú ag an am céanna.
- (9) Tá an díolúine ón toirmeasc maidir le hiompar muirí agus seirbhísí muirí a sholáthar coinníollach ar chaidhp phraghais a bheith tugtha isteach ag an gComhairle in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2014/512/CBES. Agus é á chinneadh an dtabharfar isteach an chaidhp phraghais sin, cuirfidh an Chomhairle san áireamh éifeachtacht an bhirt i dtéarmaí na dtorthaí a mheastar a bheidh aige, comhlíonadh idirnáisiúnta an sásra caidhpe praghais agus an t-ailíniú neamhfhoirmiúil leis, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an Aontas agus ar a Bhallstáit.

⁺ IO: cuir isteach sraithuimhir an Chinnidh atá in ST 12823/22.

- (10) Ba cheart don Choimisiún tacú go hiomlán leis an gComhairle agus an measúnú i dtaobh an dtabharfar isteach an chaidhp ar an bpraghas á dhéanamh, lena n-áirítear trí chruinnithe comhordúcháin a thionól leis na Ballstáit agus le hionadaithe na dtionscal lena mbaineann. Tar éis theacht i bhfeidhm an chéad Chinneadh ón gComhairle lena ndéanfar go mbeidh an chaidhp phraghais infheidhme, leanfaidh an Coimisiún de chruinnithe den sórt sin a thionól chun measúnú a dhéanamh, inter alia, ar aon chleachtais chun teacht timpeall ar an gcaidhp phraghais a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail díchlárú brataí ar shoithí, agus ar a dtionchar ar éifeachtacht shásra na caidhpe praghais, agus molfaidh sé réitigh iomchuí.
- (11) Ba cheart feidhm a bheith ag an gcaidhp phraghais maidir le hamhola agus táirgí peitriiliam áirithe chuig tríú tíortha a iompraítear de mhuir agus maidir le soláthar seirbhísí gaolmhara. Ní dhéanann sé difear ar bhealach ar bith do na heisceachtaí lena gceadaítear do Bhallstáit áirithe leanúint d'amhola agus táirgí peitriiliam a allmhairiú ón Rúis i ngeall ar a gcás shonrach nó i gcás ina gcuirtear isteach ar sholáthar amhola trí pháblíne ón Rúis ar chúiseanna nach bhfuil aon smacht acu orthu. Féadfar tionscadail shonracha atá ríthábhachtach maidir le slándáil fuinnimh tríú tíortha áirithe a dhíolmhú ón gcaidhp phraghais. Ba cheart an díolúine sin a bheith faoi cheangal ama, d'fhonn a áirithiú go leanfaidh sí de bheith iomchuí, agus gur féidir í a athnuachan, má tá údar cuí leis de bharr riachtanais slándála fuinnimh an tríú tír.

- (12) Bheadh sásra na caidhpe praghais ag brath ar an bpróiseas fianaithe a chuirfeadh ar chumas oibreoirí i slabhra soláthair ola mhuiriompartha na Rúise a léiriú gur ceannaíodh é ag an gcaidhph praghais nó faoina bhun. D'eiseodh an Coimisiún, i ndlíthchomhar leis an gComhairle, treoir chun na gnéithe praiticiúla a bhaineann le cur i bhfeidhm na caidhpe praghais a shonrú, d'fhonn cur chun feidhme aonfhoirmeach a éascú agus cothrom iomaíochta a chumasú san Aontas agus ar fud an domhain.
- (13) Sa bhreis ar na toirmisc atá ann cheana a bhaineann le seirbhísí a sholáthar maidir le hamhola agus táirgí peitriiliam áirithe a iompar de mhuir chuig tríú tíortha, le Cinneadh (CBES) 2022/... cuirtear toirmeasc breise ar mhuiriompar na n-earraí sin chuig tríú tíortha. Níor cheart feidhm a bheith ag an toirmeasc sin mura nglacfaidh agus go dtí go nglacfaidh an Chomhairle na bearta is gá chun go mbeadh an chaidhph praghais infheidhme.
- (14) I gcás ina ndearna soitheach atá faoi bhratach tríú tír amhola Rúiseach nó táirgí peitriiliam a ceannaíodh ar phraghas atá os cionn na caidhpe praghais a iompar, ba cheart toirmeasc a bheith ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear árachas, a bhaineann le haon iompar amhola nó iompar táirgí peitriiliam a dhéanfadh an soitheach sin sa todhcháí.
- (15) Leathnaítear freisin le Cinneadh (CBES) 2022/...⁺ an toirmeasc ar aon idirbheart a dhéanamh le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí áirithe atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Stát na Rúise trí thoirmeasc a chur ar náisiúnaigh an Aontais aon phost a bheith acu ar chomhlachtaí rialaithe na ndaoine, na n-eintiteas sin nó na gcomhlachtaí sin a áireamh.

⁺ IO: cuir isteach sraithuimhir an Chinnidh atá in ST 12823/22.

- (16) Le Cinneadh (CBES) 2022/...⁺, cuirtear Clár Loingseoireachta Muirí na Rúise, eintiteas atá 100 % faoi úinéireacht stáit, trína bhfeidhmítear gníomhaíochtaí a bhaineann le haicmiú agus cigireacht, ar a n-áirítear gníomhaíochtaí i réimse na slándála, maidir le longa agus soithí ón Rúis agus nach ón Rúis iad, cuirtear é le liosta eintiteas faoi úinéireacht agus rialú Stát na Rúise atá faoi réir an toirmisc ar idirbhearta. Agus an méid sin á dhéanamh, cuirtear toirmeasc ar aon chineál sochair a bheadh luachmhar ó thaobh eacnamaíochta de a thabhairt do Chlár Loingseoireachta Muirí na Rúise. Ceanglaítear freisin le Cinneadh (CBES) 2022/...⁺ údaruithe a tharraingt siar arna ndeónú ag na Ballstáit do Chlár Loingseoireachta Muirí na Rúise faoi Threoir 2005/65/CE¹, 2009/15/CE² nó (AE) 2016/1629³ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴. Chun a chur ar a gcumas na mBallstát déanamh amhlaidh i gcomhréir le Rialachán 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ agus Treoir (AE) 2016/1629, ba cheart aitheantas an Aontais do Chlár Loingscoireachta Muirí na Rúise a tharraingt siar.

⁺ IO: cuir isteach sraithuimhir an Chinnidh atá in ST 12823/22.

¹ Treoir 2005/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le slándáil chalafoirt a fheabhsú (IO L 310, 25.11.2005, lch. 28).

² Treoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus maidir le gníomhaíochtaí ábhartha lucht riaracháin muirí (IO L 131, 28.5.2009, lch. 47).

³ Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

⁴ Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú (IO L 129, 29.04.2004, lch. 6).

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO L 131, 28.5.2009, lch. 11).

- (17) Le Cinneadh (CBES) 2022/...+, leathnaítear an rochtain ar chalafoirt agus an cosc ar loic ar chríoch an Aontais chuig soithí atá deimhnithe ag Clár Loingseoireachta Muirí na Rúise.
- (18) Le Cinneadh (CBES) 2022/...+, cuirtear deireadh leis an tairseach don toirmeasc atá ann cheana ar sholáthar seirbhísí tiachóige, cuntais nó cumhdaigh maidir le criptea-shócmhainní do dhaoine agus cónaitheoirí Rúiseacha, rud a chuireann cosc ar sholáthar seirbhísí den sórt sin beag beann ar luach iomlán na gcriptea-shócmhainní den sórt sin.

⁺ IO: cuir isteach sraithuimhir an Chinnidh atá in ST 12823/22.

(19) Thairis sin, le Cinneadh (CBES) 2022/...¹, leathnaítear an toirmeasc atá ann cheana ar sholáthar seirbhísí áirithe chuig Cónaidm na Rúise trí thoirmeasc a chur ar sholáthar seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta chomh maith le seirbhísí comhairliúcháin TF agus seirbhísí comhairleacha dlí. I gcomhréir leis an Aicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC prov., 1991, le ‘seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta’ cumhdaítear seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta araon chomh maith le seirbhísí innealtóireachta comhtháite, pleanáil uirbeach, seirbhísí ailtireachta tírdhreacha agus seirbhísí comhairliúcháin eolaíochta agus teicniúla a bhaineann le hinnealtóireacht. Ceadaítear cúnamh teicniúil a sholáthar a bhaineann le hearraí a onnmhairítear chuig an Rúis i gcónaí, ar choinníoll nach bhfuil aon toirmeasc faoin Rialachán seo ar na hearraí sin a dhíol, a sholáthar nó a onnmhairiú tráth a sholáthraítear an cúnamh teicniúil sin. Cumhdaítear le seirbhísí comhairliúcháin TF seirbhísí comhairliúcháin a bhaineann le crua-earraí ríomhaireachta a shuiteáil, lena n-áirítear seirbhísí cúnaimh do na cliaint chun crua-earraí ríomhaireachta (i.e. trealamh fisiciúil) agus líonraí ríomhaireachta agus seirbhísí cur chun feidhme bogearraí a shuiteáil, lena n-áirítear gach seirbhís lena mbaineann seirbhísí comhairliúcháin maidir le bogearraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Cumhdaítear le ‘seirbhísí comhairleacha dlí’: soláthar comhairle dlí do chustaiméirí maidir le hábhair neamhchonspóideacha, lena n-áirítear idirbhearta tráchtála, a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an dlí; rannpháirtíocht le cliaint nó thar a gceann in idirbhearta tráchtála, i gcaibidlíochtaí agus i ndéileálacha eile le tríú páirtithe; agus doiciméid dlí a ullmhú, a fhorghníomhú agus a fhíorú. Ní áirítear le seirbhísí comhairleacha dlí aon ionadaíocht, comhairle, ullmhú doiciméad ná fíorú doiciméad i gcomhthéacs seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, is é sin maidir le hábhair nó imeachtaí os comhair gníomhaireachtaí riaracháin, cúirteanna nó binsí oifigiúla eile atá comhdhéanta go cuí, ná in imeachtaí eadrána nó idirghabhála.

¹ IO: cuir isteach sraithuimhir an Chinnidh atá in ST 12823/22.

- (20) Ar deireadh, le Cinneadh CBES 2022/...⁺ déantar ceartúcháin theicniúla áirithe sa téacs feidhme agus in iarscríbhinní áirithe.
- (21) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfead i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais.
- (22) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

⁺ IO: cuir isteach sraithuimhir an Chinnidh atá in ST 12823/22

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar a leanas:

(1) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 2aa

1. Airm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus armlón, de mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, bídis de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, beidh toirmeasc ann na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.
2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:
 - (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.

* Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus a n- armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear údarú onnmhairiúcháin agus bearta allmhairiúcháin agus gluaiseachta idirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus a n- armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).’;

(2) leasaítear Airteagal 3c mar seo a leanas

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn XI, níl feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4 le forghníomhú go dtí an 28 Márta 2022 conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘5a. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid B d’Iarscríbhinn XI, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4 maidir leis an bhforghníomhú go dtí [IO: cuir isteach an dáta 30 lá tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh [IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], nó conarthaí coimhdeacha atá riachtanach chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘6a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a liostaítear i gCuid B d’Iarscríbhinn XI, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé sin riachtanach chun earraí tíotáiniam atá ag teastáil sa tionscal aerloingseoireachta a tháirgeadh, agus nach bhfuil aon soláthar malartach ar fáil ina leith.’;

(3) leasaítear Airteagal 3ea mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘1a. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 freisin, tar éis ...[IO: cuir isteach le bhur dtoil dáta 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], maidir le haon soitheach atá deimhnithe ag Clár Loingseoireachta Muirí na Rúise.’;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘3. Chun críocha an Airteagail seo, cé is moite de mhír 1a, ciallaíonn ‘soitheach:’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 1a i gcás soitheach a bhfuil cúnaimh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, ná cuaird éigeandála ar chalafort de dhíth air ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun duine a shábháil ar muir.’;

(d) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla soitheach a údarú chun rochtain a fháil ar chalafort nó loc faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis an rochtain.’;

(e) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

5b. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, rochtain ar chalafoirt nó ar loc a údarú do shoitheach ar choinníoll go gcomhlíonfar an méid seo a leanas:

- (a) a bhfuil bratach Chónaidhm na Rúise ar foluain aige faoi chlárú cairtfhostaithe a cuireadh i gcrích ar dtús roimh an 24 Feabhra 2022,
- (b) a d'athghabh roimh an 31 Eanáir 2023 a cheart chun bratach chlárann fholuiteach Bhallstát an Aontais Eorpaigh a bheith ar foluain aige; agus
- (c) nach bhfuil faoi úinéireacht, cairtfhostaithe, á oibriú ná faoi rialú ar shlí eile ag náisiúnach Rúiseach ná ag aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Chónaidhm na Rúise.';

(4) leasaítear Airteagal 3g mar seo a leanas,

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) táirgí iarainn agus cruach a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a allmhairiú nó a cheannach, amhail ón 30 Méan Fómhair 2023, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas, go díreach nó go hindíreach, nuair a phróiseáiltear iad i dtríú tír ina n-ionchorpraítear táirgí iarainn agus cruach de thionscnamh na Rúise mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII.’; maidir leis na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a phróiseáiltear i dtríú tír lena n-ionchorpraítear táirgí cruach de thionscnamh na Rúise faoi chód AC 7202 11 nó 7207 12 10, beidh feidhm ag an toirmeasc sin amhail ón 1 Aibreán 2024 i gcás chód AC 7207 11 agus ón 1 Deireadh Fómhair 2024 i gcás chód AC 7207 12 10.’;

(b) i mír 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(e) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, mar aon le hárachas agus athárachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointí (a), (b), (c) agus (d).’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn XVII, agus gan beann ar iad a bheith liostaithe i gCuid B den Iarscríbhinn sin, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le forghníomhú go dtí an 17 Meitheamh 2022 conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 16 Márta 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.’;

(d) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘3. Maidir leis na hearraí atá liostaithe i gCuid B d’Iarscríbhinn XVII nach bhfuil liostaithe i gCuid A den Iarscríbhinn sin, agus gan dochar ar mhír 4, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le forghníomhú go dtí an [IO: cuir isteach an dáta 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] conarthaí a tugadh i gcrích roimh an [IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú. Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le hearraí a thagann faoi chóid AC 7207 11 agus 7207 12 10, a bhfuil feidhm ag míreanna 4 agus 5 seo a leanas maidir leo.

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i bpointí (a), (b), (c) agus (d) de mhír 1 maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann, na gcainníochtaí earraí seo a leanas a thagann faoi chód AC 7207 12 10:
- (a) 3 747 905 thona mhéadracha idir... [IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] agus an 30 Meán Fómhair 2023;
 - (b) 3 747 905 thona mhéadracha idir an 1 Deireadh Fómhair 2023 agus an 30 Meán Fómhair 2024.
5. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar, nó cúnamh teicniúil nó airgeadais lena mbaineann, na gcainníochtaí earraí seo a leanas a thagann faoi chód AC 7207 11:
- (a) 487 202 thona mhéadracha idir [IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] agus an 30 Meán Fómhair 2023;
 - (b) 85 260 tona méadrach idir an 1 Deireadh Fómhair 2023 agus an 31 Nollaig 2023;
 - (c) 48 720 tona méadrach idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Márta 2024.

6. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na cuótaí méideanna allmhairiúcháin a leagtar amach i míreanna 4 agus 5 a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta le haghaidh cuótaí rátaí taraife dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447* ón gCoimisiún.
7. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú na n-earraí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XVII a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin do bhunú, d'oibriú, do chothabháil, do sholáthar breosla agus d'athchóireáil agus do shábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.
8. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 7 laistigh de dhá sheachtain ón údarú.

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).’;

(5) leasaítear Airteagal 3i mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Maidir leis na hearraí atá liostaithe i gCuid A d’Iarscríbhinn XXI, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhú go dtí an 10 Iúil 2022 conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 9 Aibreán 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘3a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le ceannacháin sa Rúis atá riachtanach d’fheidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó le haghaidh úsáid phearsanta náisiúnaigh na mBallstát agus a ngarghaolta.

3b. Maidir leis na hearraí atá liostaithe i gCuid B d’Iarscríbhinn XXI, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhú go dtí an [IO: cuir isteach an dáta 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] conarthaí a tugadh i gcrích roimh an [IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

3c. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a údarú, nó soláthar cúnamh ghaolmhair theicniúil agus airgeadais, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin do bhunú, d'oibriú, do chothabháil, do sholáthar breosla agus d'athchóireáil agus do shábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.';

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'6. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 3c laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(6) in Airteagal 3j, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Maidir le gual agus táirgí eile a liostaítear in Iarscríbhinn XXII, beidh toirmeasc ar iad a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú isteach san Aontas, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Rúise iad nó más ón Rúis a onmmhairítear iad.’;

(7) leasaítear Airteagal 3k mar seo a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘3a. Maidir leis na hearraí a thagann faoi chóid AC 2701, 2702, 2703 agus 2704 a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhú go dtí an [IO: cuir isteach an dáta 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] conarthaí a tugadh i gcrích roimh an [IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.’;

(b) i mír 5, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

(c) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun radaiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.’;

(8) leasaítear Airteagal 3n mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2

‘2. An toirmeasc i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le forghníomhú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú go dtí:

(a) an 5 Nollaig 2022, le haghaidh amhola a thagann faoi chód AC 2709 00;

(b) an 5 Feabhra 2023, le haghaidh táirgí peitriiliam a thagann faoi chód AC 2710.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘3. An toirmeasc i mír 1, níl feidhm aige maidir le héilimh árachais a íoc tar éis an 5 Nollaig 2022, le haghaidh amhola a thagann faoi chód AC 2709 00, nó tar éis an 5 Feabhra 2023, le haghaidh táirgí peitriiliam a thagann faoi chód AC 2710, ar bhonn conarthaí árachais a tugadh i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022 agus ar choinníoll go bhfuil deireadh tagtha leis an gcumhdach árachais faoi na dátaí ábhartha.

4. Beidh toirmeasc ar iompar, lena n-áirítear trí aistrithe ó long go long, chuig tríú tíortha amhola a thagann faoi AC 2709 00, ón 5 Nollaig 2022 ar aghaidh, nó táirgí peitrlíam a thagann faoi AC 2710, ón 5 Feabhra 2023 ar aghaidh, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV, ar de thionscnamh na Rúise iad nó ar onnmhairíodh ón Rúis iad.
5. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 4 amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an chéad Chinnidh ón gComhairle lena leasaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES i gcomhréir le hAirteagal 4p(7)(a) den Chinneadh sin.

Ó dháta theacht i bhfeidhm gach Cinnidh ón gComhairle ina dhiaidh sin lena leasaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 4, go ceann tréimhse 90 lá, maidir le hiompar táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán seo, ar de thionscnamh na Rúise iad nó ar onnmhairíodh ón Rúis iad, ar choinníoll:

- (a) go bhfuil an t-iompar bunaithe ar chonradh a tugadh i gcrích roimh an dáta teacht i bhfeidhm; agus
- (b) nár mhó an praghas ceannaigh in aghaidh an bhairille ná an praghas a leagtar síos in Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann leis an Rialachán seo tráth a tugadh an conradh sin i gcrích.

6. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4:
- (a) ón 5 Nollaig 2022 ar aghaidh, maidir le hamhola a thagann faoi chód AC 2709 00, agus ón 5 Feabhra 2023 ar aghaidh, maidir le táirgí peitriam a thagann faoi chód AC 2710, ar de thionscnamh na Rúise iad nó ar onnmhairíodh ón Rúis iad, ar choinníoll nach mó praghas ceannaigh na dtáirgí sin in aghaidh an bhairille ná an praghas a leagtar síos in Iarscríbhinn XXVIII;
 - (b) maidir le hamhola nó táirgí peitriam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV i gcás inar de thionscnamh tríú tír na hearraí sin agus nach bhfuil siad ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus nach Rúiseach úinéir na n-earraí sin;
 - (c) maidir le hiompar, nó le cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann le hiompar den sórt sin, i gcás na dtáirgí a luaitear in Iarscríbhinn XXIX chuig na tríú tíortha a luaitear san Iarscríbhinn sin, ar feadh na tréimhse a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

7. I gcás ina ndearna soitheach, tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh ón gComhairle lena leasaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, amhola nó táirgí peitriam dá dtagraítear i mír 4 a iompar, ar mhó a bpraghas ceannaigh in aghaidh an bhairille ná an praghas a leagtar síos in Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann leis an Rialachán seo ar an dáta a thabharfar an Conradh i gcrích chun an ceannach sin a dhéanamh, beidh toirmeasc ina dhiaidh sin ar na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar a bhaineann le hiompar amhola nó táirgí peitriam a dhéanfadh an soitheach sin.
8. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le soláthar seirbhísí píolótacha is gá ar chúiseanna sábháilteachta muirí.’;

(9) leasaítear Airteagal 5aa mar seo a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘1a. Beidh toirmeasc amhail ó ...[IO: cuir isteach an dáta 15 lá tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] ar aon phost a shealbhú i gcomhlachtaí rialaithe aon duine dhlítheanaigh, aon eintitis nó aon chomhlachta dá dtagraítear i mír 1.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. An toirmeasc i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le forghníomhú go dtí an 15 Bealtaine 2022 conarthaí a tugadh i gcrích le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i gCuid A d’Iarscríbhinn XIX roimh an 16 Márta 2022 nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2a:

‘2a. An toirmeasc i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir leis na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i gCuid A d’Iarscríbhinn XIX íocaíochtaí dlite a ghlacadh de bhun conarthaí a comhlíonadh roimh an 15 Bealtaine 2022.’;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2b. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le forghníomhú go dtí an... [IO: cuir isteach an dáta 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] conarthaí a tugadh i gcrích le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i gCuid B d’Iarscríbhinn XIX roimh an ... [IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

- 2c. An toirmeasc i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir leis na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XIX íocaíochtaí dlite a ghlacadh de bhun conarthaí a comhlíonadh roimh an ... [IO: cuir isteach an dáta 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].';
- (e) cuirtear an mhír seo a leanas leis:
- ‘4. De mhaolú ar an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus in Airteagal 21(3) de Threoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, tarraingítear siar aitheantas an Aontais do Chlár Loingseoireachta Muirí na Rúise faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 agus Treoir (AE) 2016/1629.’;

* Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO L 131, 28.5.2009, lch. 11).

** Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).';

(10) in Airteagal 5b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí tiachóige criptea-shócmhainní, seirbhísí cuntais nó seirbhísí cumhdaigh a sholáthar do náisiúnaigh Rúiseacha nó do dhaoine nádúrtha atá ina gcónaí sa Rúis, nó do dhaoine dlítheanacha, d’eintitis nó do chomhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.’;

(11) in Airteagal 5m, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 i gcás inar náisiúnach Ballstáit, náisiúnach tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó náisiúnach na hEilvéise é an socraitheoir nó an tairbhí, ná i gcás inar duine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan aige i mBallstáit, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis é an socraitheoir nó an tairbhí.’;

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5n:

‘Airteagal 5n

1. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí cuntaisíochta, iniúchóireachta, lena n-áirítear seirbhísí iniúchóireachta reachtúla, seirbhísí leabharchoimeáda nó seirbhísí comhairliúcháin cánach, nó seirbhísí comhairliúcháin gnó agus bainistíochta nó seirbhísí caidrimh phoiblí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

(a) Rialtas na Rúise; nó

(b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

2. Beidh toirmeasc ar seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta, go díreach nó go indíreach, seirbhísí comhairleacha dlí agus seirbhísí sainchomhairleoireachta TF a sholáthar dóibh seo a leanas:
- (a) Rialtas na Rúise; nó
 - (b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.
3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil fíorghá leo maidir le foirceannadh faoin 5 Iúil 2022 conarthaí nach bhfuil i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a tugadh i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.
4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil fíorghá leo maidir le foirceannadh faoin ... [IO: cuir isteach an dáta 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] conarthaí nach bhfuil i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a tugadh i gcrích roimh an ... [IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.
5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil fíorghá leo chun ceart na cosanta in imeachtaí breithiúnacha agus an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fheidhmiú.

6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil fíorghá leo chun rochtain a áirithiú ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát, agus le haghaidh aitheantas nó forfheidhmiú breithiúnais nó dámhachtana eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil soláthar seirbhísí den sórt sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle*.
7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar seirbhísí atá beartaithe lena n-úsáid go heisiach ag daoine dlítheanacha, ag eintitis nó ag comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis agus atá faoi úinéireacht, nó á rialú go haonarach nó i gcomhpháirt, ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, dlí tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, dlí na hEilvéise nó dlí tíre comhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn VIII.
8. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le soláthar seirbhísí is gá le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

9. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le soláthar seirbhísí is gá le haghaidh nuashonruithe bogearraí le haghaidh úsáid neamh-mhíleata agus le haghaidh úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, seirbhísí a cheadaítear le hAirteagail 2(3)(d) agus 2a(3)(d) maidir le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn VII.
10. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla na seirbhísí dá dtagraítear iontu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leo le haghaidh na nithe seo a leanas:
- (a) críocha daonnúla, amhail cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú, nó le haghaidh aslonnaithe;
 - (b) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Rúis; nó
 - (c) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha comhpháirtíochta sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

11. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla na seirbhísí dá dtagraítear iontu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis sin le haghaidh an mhéid seo a leanas:
- (a) soláthar fuinnimh criticiúil a áirithiú laistigh den Aontas agus tiotáiniam, alúmanaim, copair, nicile, pallaidiam agus amhiarainn a cheannach, a allmhairiú nó a iompar isteach san Aontas;
 - (b) oibriú leanúnach bonneagar, crua-earraí agus bogearraí atá ríthábhachtach do shláinte agus do shábháilteacht an duine, nó do shábháilteacht an chomhshaoil, a áirithiú;
 - (c) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun radaiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha; nó

(d) soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí ag oibreoirí teileachumarsáide san Aontas is gá le haghaidh oibriú, cothabháil agus slándáil, lena n-áirítear cibearshlándáil, seirbhísí cumarsáide leictreonaí, sa Rúis, san Úcráin, san Aontas, idir an Rúis agus an tAontas, agus idir an Úcráin agus an tAontas, agus le haghaidh seirbhísí lárionaid sonraí san Aontas.

12. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 10 agus 11 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

* Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 an 17 Márta 2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6).’;

(13) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 7a

Déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas a leasú:

- (a) Iarscríbhinn XXVIII i gcomhréir leis na cinntí ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES chun na phraghasanna arna gcomhaontú ag an gComhghuaillíocht Caidhpeanna Praghais a thabhairt cothrom le dáta; agus
- (b) Iarscríbhinn XXIX, i gcomhréir leis na cinntí ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES chun liosta na dtionscadal fuinnimh díolmhaithe a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn critéir incháilitheachta oibiachtúla arna gcomhaontú ag an gComhghuaillíocht Caidhpeanna Praghais.’;

- (14) leasaítear Iarscríbhinn VII i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (15) leasaítear Iarscríbhinn VIII i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (16) leasaítear Iarscríbhinn XI i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (17) leasaítear Iarscríbhinn XVII i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (18) leasaítear Iarscríbhinn XIX i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (19) leasaítear Iarscríbhinn XXI i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (20) leasaítear Iarscríbhinn XXIII i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (21) cuirtear isteach Iarscríbhinn XXVIII i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (22) cuirtear isteach Iarscríbhinn XXIX i gcomhréir le hIarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar a leanas:

- 1) cuirtear an ceannteideal seo a leanas leis an i ndiaidh an teidil ‘Liosta d’earraí agus de theicneolaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 2a(1) agus 2b(1)’;

‘Cuid A’;

- 2) in ‘Catagóir VIII – Ítimí ilghnéitheacha’, cuirtear na hítimí seo a leanas isteach:

‘X.A.VIII.020 Airm agus gléasanna atá ceaptha le haghaidh círéib a smachtú nó le haghaidh féinchosanta, mar seo a leanas:

- a. Airm turrainge leictí iniompartha nach féidir a dhíriú ach ar dhuine amháin gach uair a thugtar turraing leictreach, lena n-áirítear stiúdsmachtíní, sciatha turrainge leictí, stiúdghunnaí agus ga-ghunnaí turrainge leictí;
- b. Fearais ina bhfuil na comhpháirteanna riachtanacha uile chun airm turrainge leictí iniompartha a chóimeáil a rialaítear le hítim X.A.VIII.020.a; nó

Nóta: Meastar gur comhpháirteanna riachtanacha na hearraí seo a leanas:

1. *An t-aonad a ghineann an turraing leictreach;*
 2. *An lasc, bíodh sí ina cianlasc nó ná bíodh; agus*
 3. *Na leictreoidí nó, i gcás inarb infheidhme, na sreanga trína dtugtar an turraing leictreach.*
- c. Airm turrainge leictrí suite nó insuite a chlúdaíonn limistéar fairsing agus lenar féidir turraingí leictreacha a dhíriú ar níos mó ná duine amháin.

X.A.VIII.021 Airm agus trealamh lena scaiptear substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin le haghaidh círeib a smachtú nó le haghaidh féinchosanta agus substaintí gaolmhara áirithe, mar seo a leanas:

380700	tarra adhmaid; olaí tarra adhmaid; créasóid adhmaid; nafta adhmaid; pic ghlasrúil; pic ghrúdaireachta agus ullmhóidí comhchosúla atá bunaithe ar roisín, ar aigéid roisín nó ar phic ghlasrúil (gan pic bhurgúin, pic bhuí, pic stéirine, pic aigéid shailligh, pic tarra shailligh agus pic ghlicrín a áireamh)
380910	oibreáin bhailchríche, iompróirí ruaimanna chun dlús a chur leis an ruaimniú nó le daingniú na ruaimeachán agus táirgí eile agus ullmhóidí eile, amhail cóirithe agus buanaitheoirí de chineál a úsáidtear sa tionscal teicstíle, páipéir nó leathair nó i dtionscail chomhchosúla, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile, bunaithe ar stáirse nó ar dhíorthaigh de stáirse

Cód AC	Ainm an earra
380991	oibreáin bhailchríche, iompróirí ruaimeanna chun dlús a chur leis an ruaimniú nó le daingniú na ruaimeachán, agus táirgí eile agus ullmhóidí eile, e.g. cóirithe agus buanaitheoirí de chineál a úsáidtear sa tionscal teicstíle nó i dtionscail chomhchosúla, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile. (gan iad sin atá de bhunús substaintí amaláiseacha a áireamh)
380992	oibreáin bhailchríche, iompróirí ruaimeanna chun dlús a chur leis an ruaimniú nó le daingniú na ruaimeachán, agus táirgí eile agus ullmhóidí eile, e.g. cóirithe agus buanaitheoirí de chineál a úsáidtear sa tionscal páipéir nó i dtionscail chomhchosúla, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile. (gan iad sin atá de bhunús substaintí amaláiseacha a áireamh)
380993	oibreáin bhailchríche, iompróirí ruaimeanna chun dlús a chur leis an ruaimniú nó le daingniú na ruaimeachán agus táirgí eile agus ullmhóidí eile, e.g. cóirithe agus buanaitheoirí de chineál a úsáidtear sa tionscal leathair nó i dtionscail chomhchosúla, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile. (gan iad sin atá de bhunús substaintí amaláiseacha a áireamh)
381010	ullmhóidí picile le haghaidh dromchlaí miotail; taois agus púdair shádrála, phrásála nó tháthúcháin ina bhfuil miotal agus ábhair eile
381121	breiseáin ullmhaithe le haghaidh bealaí ola ina bhfuil olaí peitriam nó olaí mianraí bitúmanacha
381129	breiseáin ullmhaithe le haghaidh bealaí ola nach bhfuil olaí peitriam nó olaí mianraí bitúmanacha iontu
381190	coscairí ocsaídiúcháin, coscairí guma, feabhsaitheoirí slaodachta, ullmhóidí frithchreimneacha agus breiseáin eile ullmhaithe, d'olaí mianracha, lena n-áirítear gásailín, nó do leachtanna eile a úsáidtear chun na gcríoch céanna mar olaí mianracha (gan ullmhóidí fhrithchnagarnaí agus breiseáin ullmhaithe ola a áireamh)
381220	plaisteacháin chomhdhúile le haghaidh rubair nó plaisteach, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile
381300	ullmhóidí agus lánáin do mhúchtóirí dóiteáin; gránáidí lánáin múchta dóiteáin (gan gairis múchta dóiteáin atá iomlán nó folamh a áireamh, bídis iniompartha nó ná bídis, táirgí neamhshonraithe nach bhfuil measctha go ceimiceach le hairíonna múchta dóiteáin i bhfoirmeacha eile)
381400	tuaslagóirí agus caolaitheoirí comhchodacha orgánacha, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ullmhóidí díothaithe péinte nó vearnaíse (gan díobhach vearnaíse ingne a áireamh)
381511	catalaigh faoi thacú a bhfuil nicil nó comhdhúile nicile iontu mar shubstaint ghníomhach, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile
381512	catalaigh faoi thacú a bhfuil miotail lómhar nó comhdhúile de mhiotail lómhara iontu mar shubstaint ghníomhach, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile

Cód AC	Ainm an earra
381519	catalaigh faoi thacú, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile. (gan iad sin a bhfuil miotail lómhar nó comhdhúile de mhiotail lómhara, nicil nó comhdhúile de nicil iontu mar shubstaint ghníomhach a áireamh)
381590	tionscnóirí imoibriúcháin, brostaitheoirí imoibriúcháin agus ullmhóidí catalaíocha, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile. (gan brostaitheoirí rubair agus catalaigh faoi thacú a áireamh)
38160010	Meascán pulctha dolaimíte
381700	aicilbeinséiní measctha agus ailciolnaftailéiní measctha arna dtáirgeadh trí aiciliú beinséine agus naftailéine (gan isiméirí measctha de hidreacarbóin thimthriallacha a áireamh)
381900	sreabháin coscán hidrálach agus leachtanna eile ullmhaithe le haghaidh traiseoladh hidrálach nach bhfuil olaí peitriam nó olaí mianraí bitíumanacha iontu, nó ina bhfuil, de réir meáchain, < 70 % de na holaí sin
382000	ullmhóidí frithreote agus sreabháin ullmhaithe dí-oighrithe (gan breiseáin ullmhaithe le haghaidh olaí mianracha a úsáidtear chun na gcríoch céanna mar olaí mianracha a áireamh)
382313	aigéid shailleacha ó roisín leachtach, tionsclaíoch
382790	Meascáin ina bhfuil díorthaigh halaiginithe de mheatán, d'eatán nó de phrópán (gan iad sin faoi fho-cheanntaidil 3824.71.00 go 3824.78.00 a áireamh)
382481	meascáin agus ullmhóidí ina bhfuil ocsaíorán 'ocsaíd eitéiléine'
382484	meascáin agus ullmhóidí ina bhfuil aildrin (iso), camfaclóir (iso) 'tocsaiféin', clórdán (iso), clóradeacón (iso), ddt (iso) 'clóifeineatán (inn), 1,1,1-tríchlóra-2,2-bis'p-clóraifeinil'eatán', díldrin 'iso, inn', ionsulfán (iso), eindrin (iso), heipteaclóir (iso) nó miréis (iso)
382499	táirgí agus ullmhóidí ceimiceacha ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara, lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil meascáin de tháirgí nádúrtha, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
382590	táirgí iarmharacha ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile. (gan dramhaíl a áireamh)
382600	bithdhíosal agus meascáin atá déanta as, nach bhfuil olaí peitriam ná olaí a fhaightear ó mhianraí bitíumanacha iontu nó ina bhfuil, de réir meáchain, < 70 % de na holaí sin
390140	comhpholaiméirí olaifin alfa-eitéiléine a bhfuil sainmheáchan < 0,94 inti, i bhfoirmeacha príomhúla

Cód AC	Ainm an earra
390220	poiliseabútiléin, i bhfoirmeacha príomhúla
390230	comhpholaiméirí próipiléine, i bhfoirmeacha príomhúla
390290	polaiméirí de phróipiléin nó d'olaifíní eile, i bhfoirmeacha príomhúla (gan polapróipiléin, poiliseabútiléin agus comhpholaiméirí próipiléine a áireamh)
390319	polaistiréin, i bhfoirmeacha príomhúla (gan iad sin atá insíte a áireamh)
390390	polaiméirí stíréine, i bhfoirmeacha príomhúla (gan polaistiréin, comhpholaiméirí stíréin aicrilínítríle 'san' agus stíréin bhútaidhé-éine aicrilínítríle 'abs' a áireamh)
390410	clóiríde polaivinile, i bhfoirmeacha príomhúla, nach bhfuil measctha le haon substaintí eile
390450	polaiméirí clóiríd vinilidéine, i bhfoirmeacha príomhúla
390512	aicéatáit pholaivinile, in easrán uiscí
390519	aicéatáit pholaivinile, i bhfoirmeacha príomhúla (gan iad sin in easrán uiscí a áireamh)
390521	comhpholaiméirí vinilaicéatáite, in easrán uiscí
390529	comhpholaiméirí vinilaicéatáite, i bhfoirmeacha príomhúla (gan iad sin in easrán uiscí a áireamh)
390591	comhpholaiméirí vinile, i bhfoirmeacha príomhúla (gan comhpholaiméirí vinilaicéatáit clóiríd vinile agus comhpholaiméirí clóiríde vinile eile, agus comhpholaiméirí vinilaicéatáite a áireamh)
390610	meataicrioláit pholaimeitile, i bhfoirmeacha príomhúla
390690	polaiméirí aicrileacha, i bhfoirmeacha príomhúla (gan meataicrioláit pholaimeitile san áireamh)
390721	Polai-éatair, i bhfoirmeacha príomhúla (gan pola-aicéatáil agus earraí faoi cheannteideal 3002 10 a áireamh)
390740	polacarbónáití, i bhfoirmeacha príomhúla
390770	aigéad polalachtach, i bhfoirmeacha príomhúla
390791	poileistir aillile neamhsháithithe nó poileistir neamhsháithithe eile, i bhfoirmeacha príomhúla (gan polacharbonáití, roisíní aicíde, teireataláit phoileitléine agus aigéad polalachtach a áireamh)
390810	polaimídí-6, -11, -12, -6,6, -6,9, -6,10 nó -6,12, i bhfoirmeacha príomhúla

Cód AC	Ainm an earra
390890	polaimídí, i bhfoirmeacha príomhúla (gan polaimídí-6, -11, -12, -6,6, -6,9, -6,10 nó -6,12 a áireamh)
390920	roisíní mealaimín, i bhfoirmeacha príomhúla
390939	aimínea-roisíní, i bhfoirmeacha príomhúla (gan roisíní úiré, roisíní tia-úiré agus roisíní mealaimín agus mdi a áireamh)
390940	roisíní fionólacha, i bhfoirmeacha príomhúla
390950	polúireatáin, i bhfoirmeacha príomhúla
391211	aicéatáití ceallalóis neamhphlaistithe, i bhfoirmeacha príomhúla
391290	ceallalós agus díorthaigh cheimiceacha ó cheallalós nach bhfuil sonraithe in aon áit eile, i bhfoirmeacha príomhúla (gan aicéatáití ceallalóis, níotráití ceallalóis agus éitir ceallalóis a áireamh)
391520	dramhaíl, dramh bearrtha agus fuíoll, as polaiméirí stiréine
391710	putóga saorga ‘craicne ispíní’ déanta as próitéiní cruaithe nó as ábhair cheallalósacha
391723	feadáin, píopaí agus píobáin atá docht, as polaiméirí de chlóiríd vinile
391731	feadáin, píopaí agus píobáin atá solúbtha, as plaistigh, a bhfuil brú pléasctha $\geq 27,6$ mpa acu
391732	feadáin, píopaí agus píobáin atá solúbtha, as plaistigh, nach bhfuil treisithe ná i gcumasc ar bhealach eile le hábhair eile, gan feistis
391733	feadáin, píopaí agus píobáin atá solúbtha, as plaistigh, nach bhfuil treisithe ná i gcumasc ar bhealach eile le hábhair eile, le feistis, séalaí nó nascóirí
392010	plátaí, leatháin, scannán, scragall agus stiallacha, as polaiméirí eitleine neamhcheallacha, nach bhfuil treisithe, lannaithe, faoi thacú nó i gcumasc comhchosúil le hábhair eile, gan ábhar taca, atá neamhshaoirsithe nó dromchla-shaoirsithe amháin, nó atá go díreach gearrtha ina gcearnóga nó ina ndronuilleoga (gan táirgí féinghreamaitheacha, ná clúdaigh urláir, bhalla agus síléala faoi cheannteideal 3918 a áireamh)

Cód AC	Ainm an earra
392061	plátaí, leatháin, scannán, scragall agus stiallacha, as polacharbonáití neamhcheallacha, nach bhfuil treisithe, lannaithe, faoi thacú nó i gcumasc comhchosúil le hábhair eile, gan ábhar taca, atá neamhshaoirsithe nó dromchla-shaoirsithe amháin, nó atá go díreach gearrtha ina gcearnóga nó ina ndronuilleoga (gan iad sin atá déanta as meataicrioláit pholaimeitile, agus táirgí féinghreamaitheacha, ná clúdaigh urláir, bhalla agus síleála faoi cheannteideal 3918 a áireamh)
392069	plátaí, leatháin, scannán, scragall agus stiallacha, as poileistir neamhcheallacha, nach bhfuil treisithe, lannaithe, faoi thacú nó i gcumasc comhchosúil le hábhair eile, gan ábhar taca, atá neamhshaoirsithe nó dromchla-shaoirsithe amháin, nó atá go díreach gearrtha de réir cruth dronuilleogach, nó cruth cearnógach (gan polacharbonáití, pola(teireataláit eitéiléine) agus poileistir neamhsháithithe eile, táirgí féinghreamaitheacha, agus clúdaigh urláir, bhalla agus síleála faoi cheannteideal 3918 a áireamh)
392073	plátaí, leatháin, scannán, scragall agus stiallacha, as aicéatáití ceallalóis neamhcheallacha, nach bhfuil treisithe, lannaithe, faoi thacú nó i gcumasc comhchosúil le hábhair eile, gan ábhar taca, atá neamhshaoirsithe nó dromchla-shaoirsithe amháin nó go díreach gearrtha ina gcearnóga nó ina ndronuilleoga (gan táirgí féinghreamaitheacha, ná clúdaigh urláir, bhalla agus síleála faoi cheannteideal 3918 a áireamh)
392091	plátaí, leatháin, scannán, scragall agus stiallacha, as bútaral polaivinile neamhcheallach, nach bhfuil treisithe, lannaithe, faoi thacú nó i gcumasc comhchosúil le hábhair eile, gan ábhar taca, atá neamhshaoirsithe nó dromchla-shaoirsithe amháin nó go díreach gearrtha ina gcearnóga nó ina ndronuilleoga (gan táirgí féinghreamaitheacha, ná clúdaigh urláir, bhalla agus síleála faoi cheannteideal 3918 a áireamh)
392119	plátaí, leatháin, scannán, scragall agus stiallacha, as plaisteach ceallach, atá neamhshaoirsithe nó dromchla-shaoirsithe amháin nó go díreach gearrtha ina gcearnóga nó ina ndronuilleoga (gan iad sin as polaiméirí stiréine, clóiríd vinile, polúireatáin agus ceallalós athghinte, agus táirgí féinghreamaitheacha, ná clúdaigh urláir, bhalla agus síleála faoi cheannteideal 3918 agus baic steiriúla máinliachta nó baic ar ghreamacháin déidliachta faoi fho-cheannteideal 3006.10.30 a áireamh)
392290	bidets, pannaí leithris, sistéil shruthlaithe agus earraí sláintíocha comhchosúla, as plaistigh (gan folcadáin, cithfolcadáin, doirtil, báisíní níocháin, suíocháin agus clúdaigh leithris a áireamh)
392520	doirse, fuinneoga agus na frámaí a ghabhann leo, agus tairseacha i gcomhair doirse, as plaistigh

Cód AC	Ainm an earra
400211	laitéis rubair stiréin bútaidhé-éine ‘sbr’; laitéis rubair stiréine bútaidhé-éine carbocsailithe ‘xsbr’
400220	rubar bútaidhé-éine ‘br’, i bhfoirmeacha príomhúla nó i bplátaí, i leatháin nó i stiall
400231	rubar isipréine iseabúitiléine ‘iir’, i bhfoirmeacha príomhúla nó i bplátaí, i leatháin nó i stiall
400239	rubar halai-isipréine iseabúitéine ‘ciir’ nó ‘biir’, i bhfoirmeacha príomhúla nó i bplátaí, i leatháin nó i stiall
400241	laitéis chlóraipréine ‘rubar clórabhútaidhé-éine, ‘cr’
400251	laitéis rubair bútaidhé-éine aicrilínítríle ‘nbr’
400280	meascáin de rubar nádúrtha, balata, gutta-percha, guayule, chicle nó de chineálacha comhchosúla rubair nádúrtha le rubar sintéiseach nó le faicís, i bhfoirmeacha príomhúla nó i bplátaí, leatháin nó stiall
400291	rubar sintéiseach agus faictís díorthaithe ó olaí, i bhfoirmeacha príomhúla nó i bplátaí, i leatháin nó i stiallacha (gan rubar stiréine bútaidhé-éine ‘sbr’, rubar stiréine bútaidhé-éine carbocsailithe ‘xsbr’, rubar bútaidhé-éine ‘br’, agus rubar isipréine iseabúitiléine ‘iir’, rubar halai-isipréine iseabúitéine ‘ciir’ nó ‘biir’, rubar clóraipréine ‘cr’, rubar bútaidhé-éine aicrilínítríle ‘nbr’, rubar isipréine ‘ir’, agus rubar dé-éine eitéilín-próipiléine neamhchomhchuingeach ‘epdm’ a áireamh)
400299	rubar sintéiseach agus faictís díorthaithe ó olaí, i bhfoirmeacha príomhúla nó i bplátaí, i leatháin nó i stiallacha (gan laitéis, rubar stiréine bútaidhé-éine ‘sbr’, rubar stiréine bútaidhé-éine carbocsailithe ‘xsbr’, rubar bútaidhé-éine ‘br’, agus rubar isipréine iseabúitiléine ‘iir’, rubar halai-isipréine iseabúitéine ‘ciir’ nó ‘biir’, rubar clóraipréine ‘cr’, rubar bútaidhé-éine aicrilínítríle ‘nbr’, rubar isipréine ‘ir’, agus rubar dé-éine eitéilín-próipiléine neamhchomhchuingeach ‘epdm’ a áireamh)
400510	rubar, neamhbhulcánaithe, comhshuite le dubh carbóin nó silice, i bhfoirmeacha príomhúla nó i bplátaí, leatháin nó stiall

Cód AC	Ainm an earra
400520	rubar comhshuite, neamhbholcánaithe, i bhfoirm tuaslagáin nó scaipthe (gan rubar comhshuite le dubh carbóin nó silice, agus meascáin de rubar nádúrtha, balata, gutta-percha, guayule, chicle agus gumaí nádúrtha den chineál céanna ina bhfuil rubar sintéiseach nó faicís a fhaightear ó olaí a áireamh)
400591	rubar comhshuite, neamhbholcánaithe, i bhfoirm plátaí, leathán nó stiall (gan rubar comhshuite le dubh carbóin nó silice, agus meascáin de rubar nádúrtha, balata, gutta-percha, guayule, chicle agus gumaí nádúrtha comhchosúla ina bhfuil rubar sintéiseach nó faicís a fhaightear ó olaí a áireamh)
400599	rubar comhshuite neamhbhulcánaithe i bhfoirmeacha príomhúla (gan tuaslagáin agus easráin charbóin, iad siúd ina bhfuil dubh carbóin nó silice, meascáin de rubar nádúrtha, balata, gutta-percha, guayule, chicle nó cineálacha comhchosúla rubair nádúrtha le rubar sintéiseach nó faicice, agus iad sin i bhfoirm plátaí, leathán nó stiall a áireamh)
400610	stiallacha ‘traipéasóideacha’ de rubar neamhbholcánaithe, le haghaidh atráchtadh bonn rubair
400821	plátaí, leatháin agus stiallacha, as rubar neamhcheallach
400912	feadáin, píopaí agus píobáin, as rubar bolcánaithe (gan rubar crua a áireamh), nach bhfuil treisithe nó i gcumasc ar bhealach eile le hábhair eile, le feistis
400941	feadáin, píopaí agus píobáin, as rubar bolcánaithe (gan rubar crua a áireamh), athneartaithe nó comhcheangailte ar bhealach eile le hábhair seachas ábhair mhiotail nó teicstíleacha, gan feistis
401031	criosanna iompair éigríochta de thras-ghearradh traipéasóideach ‘v-chriosanna’, déanta as rubar bolcánaithe, iad v-easnacha, ag a bhfuil imlíne sheachtrach > 60 cm ach <= 180 cm
401033	criosanna iompair éigríochta de thras-ghearradh traipéasóideach ‘v-chriosanna’, déanta as rubar bolcánaithe, iad v-easnacha, ag a bhfuil imlíne sheachtrach > 180 cm ach <= 240 cm
401035	criosanna sioncrónacha éigríochta, de rubar bolcánaithe, de imlíne sheachtrach > 60 cm ach <= 150 cm
401036	criosanna sioncrónacha éigríochta, de rubar bolcánaithe, de imlíne sheachtrach > 150 cm ach <= 198 cm

Cód AC	Ainm an earra
401039	criosanna nó beilteanna tarchurtha, de rubar bolcánaithe (gan criosanna iompair éigríochta de thras-ghearradh traipéasóideach ‘v-chriosanna’, iad v-easnacha, ag a bhfuil imlíne sheachtrach > 60 cm ach <= 240 cm agus criosanna sioncrónacha éigríochta, de imlíne sheachtrach > 60 cm ach <= 198 cm)
401211	boinn aeir atráhta, as rubar, den chineál a úsáidtear ar ghluaisteáin ‘lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta’
401213	aerbhoinn atráhta, as rubar, den chineál a úsáidtear ar aerárthaí
401219	boinn aeir atráhta, as rubar (gan iad den chineál a úsáidtear ar ghluaisteáin, vaigíní stáisiúin, gluaisteáin rásaíochta, busanna, leoraithe agus aerárthaí a áireamh)
401220	aerbhoinn úsáidte, déanta as rubar
401693	gaiscéid, leicneáin agus séalaí eile, as rubar bolcánaithe (gan rubar cruá agus iad as rubar ceallach a áireamh)
440719	adhmad buaircíneach sáfa nó scealptha ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh sé plánáilte, greanáilte nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh, le tiús > 6 mm (gan péine ‘pinus spp.’, giúis ‘abies spp.’ agus sprús ‘picea spp.’ a áireamh)
440792	feá ‘fagus spp.’, sáfa nó scealptha ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh, le tiús > 6 mm
440794	crann silíní ‘prunus spp.’, sáfa nó scealptha ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh, le tiús > 6 mm
440797	poibleog agus as crann creathach ‘populus spp.’, sáfa nó scealptha ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh, le tiús > 6 mm
440799	adhmad, sáfa nó scealptha ar a fhad, slisnithe nó scafa, bíodh sé plánáilte, greanáilte nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh, le tiús > 6 mm (gan adhmaid trópaiceach, adhmaid buaircíneach, dair ‘quercus spp.’, feá ‘fagus spp.’, mailp ‘acer spp.’, silíní ‘prunus spp.’, fuinseog ‘fraxinus spp.’, beith ‘betula spp.’, poibleog agus as crann creathach ‘populus spp.’ a áireamh)

Cód AC	Ainm an earra
440810	leatháin le haghaidh athchraicinn, lena n-áirítear na cinn a fhaightear trí adhmaid lannaithe a shliseadh, le haghaidh sraithadhmaid buaircíneach nó le haghaidh adhmaid buaircíneach lannaithe chomhchosúil agus adhmaid buaircíneach eile, sáfa ar a fhad, sliste nó scafa, bíodh sé plánáilte, greanáilte, scarshiúntaithe nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh, le tiús \leq 6 mm
441113	clár snáithíneach meándlúis 'smd' adhmaid, ar tiús $>$ 5 mm ach \leq 9 mm
441194	clár snáithíneach adhmaid nó ábhar líneach eile, bíodh sé ceirtleánaithe le roisíní nó le hoibreáin nasctha orgánacha eile nó ná bíodh, ag a bhfuil dlús \leq 0.5 g/cm ³ (gan snáithíneach meándlúis 'mdf'); clár cáithníní, bíodh sé nasctha le leathán cláir snáithínigh amháin nó níos mó, nó ná bíodh; adhmaid lannaithe ag a bhfuil sraith de shraithadhmaid; painéil cheallacha adhmaid a bhfuil an dá thaobh ina gclár snáithíneach; cairtchlár; comhpháirteanna troscáin inaitheanta san áireamh)
441231	sraithadhmaid gan ann ach leatháin adhmaid \leq 6 mm ar tiús, ag a bhfuil sraith sheachtrach amháin ar a laghad d'adhmaid trópaiceach (gan leatháin adhmaid comhbhrúite, painéil cheallacha adhmaid, adhmaid inleagtha agus leatháin atá inaitheanta mar chomhpháirteanna troscáin a áireamh)
441233	sraithadhmaid gan ann ach leatháin adhmaid \leq 6 mm ar tiús, ag a bhfuil sraith sheachtrach amháin ar a laghad d'adhmaid neamh-bhuaircíneach (gan bambú, ag a bhfuil sraith sheachtrach adhmaid trópaiceach nó adhmaid fearnóige, fuinseoige, feá, beithe, silíní, crainn cnó, leamhain, eocalaípe, hiearaí, crainn cnó capaill, teile, mailpe, darach, seiceamair, poibleoige, crainn chreathaigh, crainn lócaiste, crainn tíuilipí nó gallchnó, agus leatháin adhmaid comhbhrúite, painéil cheallacha adhmaid, adhmaid inleagtha agus leatháin atá inaitheanta mar chomhpháirteanna troscáin a áireamh)
441294	adhmaid lannaithe mar bhloc-chlár, mar lannchlár nó mar chlár caolaigh (gan bambú, sraithadhmaid gan ann ach leatháin adhmaid \leq 6 mm ar tiús, leatháin adhmaid comhbhrúite, adhmaid inleagtha agus leatháin atá inaitheanta mar chomhpháirteanna troscáin a áireamh)
441600	cascaí, bairillí, dabhcha, tobáin agus codanna tháirgí cúipéara eile, déanta as adhmaid, lena n-áirítear na cláir
441840	comhlra adhmaid le haghaidh obair tógála coincréite (gan sraithadhmaid bordáil a áireamh)
441860	cuaillí agus bíomaí, as adhmaid

Cód AC	Ainm an earra
441879	painéil urláir, cóimeáilte, d'adhmaid seachas bambú (gan painéil ilchisealacha agus painéil d'urláir mhósáice a áireamh)
450310	coirc agus stopalláin de gach cineál, déanta as corc nádúrtha, lena n-áirítear bánáin chruinnfháinnithe
450410	tíleanna d'aon chruth, bloic, plátaí, leatháin agus stiall ar bith, sorcóirí soladacha, lena n-áirítear dioscaí, as corc ceirtleánaithe
470100	laíon meicniúil adhmaid, nach bhfuil cóireáilte go ceimiceach
470319	laíon ceimiceach neamhthuartha neamhbhuaircíneach adhmaid, sóid nó sulfáit (gan gráid thuaslagtha a áireamh)
470321	laíon adhmaid ceimicigh buaircíneach leaththuartha nó tuartha, sóid nó sulfáit (gan gráid thuaslagtha a áireamh)
470329	laíon ceimiceach neamhbhuaircíneach leaththuartha nó tuartha, sóid nó sulfáit (gan gráid thuaslagtha a áireamh)
470411	laíon ceimiceach adhmaid neamhthuartha, suilfit (gan gráid thuaslagtha a áireamh)
470421	laíon ceimiceach cóiféarach leaththuartha nó tuartha, suilfit (gan gráid thuaslagtha a áireamh)
470429	laíon ceimiceach neamhbhuaircíneach leaththuartha nó tuartha, suilfit (gan gráid thuaslagtha a áireamh)
470500	Laíon adhmaid a fhaightear trí phróiseas laíonála meicniúil agus próiseas laíonála ceimiceach a úsáid le chéile
470630	laíon d'ábhar snáithíneach bambú ceallalósach
470692	laíon ceimiceach d'ábhar snáithíneach ceallalósach (gan bambú, adhmaid, líontair chadáis agus snáithíní a fhaightear ó [dhramhaíl agus dramh]pháipéar nó cairtchlár slánaithe a áireamh)
470710	páipéar nó cairtchlár 'dramhaíola agus fuill' slánaithe de chraiftpháipéar neamhthuartha, de pháipéar roctha nó de chairtchlár roctha

Cód AC	Ainm an earra
470730	páipéar nó cairtchlár ‘dramhaíola agus fuíll’ slánaithe atá déanta as laíon meicniúil den chuid is mó, e.g. nuachtáin, irisí agus ábhar clóite comhchosúil
480220	páipéar agus cairtchlár de chineál a úsáidtear mar bhonn do pháipéar fótamhothálach, teas-íogair nó leictreamhothálach agus do chairtchlár fótamhothálach, teas-íogair nó leictreamhothálach, neamhbhrataithe, i rollaí nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha, de thoise ar bith
480240	bonn ballapháipéir, neamhbhrataithe
480258	páipéar neamhbhrataithe agus cairtchlár neamhbhrataithe, de chineál a úsáidtear chun críocha scríbhneoireachta, clódóireachta nó chun críocha eile grafaice, agus pollchartaí neamhphollta agus páipéar téip-phollta, i rollaí nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha, ar thomhas ar bith, gan snáithíní a bheith iontu a fhaightear trí phróiseas meicniúil nó ceimiceach-meicniúil nó ar snáithíní den sórt sin iad $\leq 10\%$ de réir méachain den chion iomlán snáithíní, de mheáchain $> 150 \text{ g/m}^2$, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile.
480261	páipéar neamhbhrataithe agus cairtchlár neamhbhrataithe, de chineál a úsáidtear chun críocha scríbhneoireachta, clódóireachta nó chun críocha eile grafaice, agus pollchartaí neamhphollta agus páipéar téip-phollta, i rollaí d’aon mhéid, ar snáithíní iad dá bhfuil $> 10\%$ de réir méachain den chion iomlán snáithíní comhdhéanta de snáithíní a fhaightear trí phróiseas meicniúil nó próiseas ceimiceach-meicniúil, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile.
480411	kraftliner neamhthuartha, neamhbhrataithe, i rollaí de leithead $> 36 \text{ cm}$
480419	kraftliner, neamhbhrataithe, i rollaí de leithead $> 36 \text{ cm}$ (gan earraí neamhthuartha agus earraí faoi cheannteidil 4802 agus 4803 a áireamh)
480421	craftpháipéar saic neamhthuartha, neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead $> 36 \text{ cm}$ (gan earraí faoi cheannteidil 4802, 4803 nó 4808 a áireamh)
480429	craftpháipéar saic, neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead $> 36 \text{ cm}$ (gan neamhthuartha, agus earraí faoi cheannteidil 4802, 4803 nó 4808 a áireamh)
480431	craftpháipéar neamhthuartha agus cairtchlár neamhthuartha, neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead $> 36 \text{ cm}$ nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de $> 36 \text{ cm}$ agus an taobh eile $> 15 \text{ cm}$ i staid neamhfillte, de mheáchan $\leq 150 \text{ g/m}^2$ (gan kraftliner, craftpháipéar saic agus earraí faoi cheannteideal 4802, 4803 nó 4808 a áireamh)

Cód AC	Ainm an earra
480439	craftpháipéar agus cairtchlár, neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm sa staid neamhfhillte, de mheáchan ≤ 150 g/m ² (gan neamhthuartha, kraftliner, craftpháipéar saic agus earraí faoi cheannteideal 4802, 4803 nó 4808 a áireamh)
480441	craftpháipéar neamhthuartha agus cairtchlár neamhthuartha, neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm i staid neamhfhillte, de mheáchan > 150 g go < 225 g/m ² (gan kraftliner, craftpháipéar saic agus earraí faoi cheannteideal 4802, 4803 nó 4808)
480442	craftpháipéar agus cairtchlár, neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm i staid neamhfhillte, de mheáchan > 150 g go < 225 g/m ² , tuartha go haonfhoirmeach sa mhais, ina bhfuil > 95 % snáithín adhmaid próiseáilte go ceimiceach de réir meáchain i gcoibhneas leis an gcion iomlán snáithíní (gan kraftliner, craftpháipéar saic agus earraí faoi cheannteideal 4802, 4803 nó 4808 a áireamh)
480449	craftpháipéar agus cairtchlár, neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnógacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm sa staid neamhfhillte, de mheáchan > 150 g go < 225 g/m ² (gan neamhthuartha, tuartha go haonfhoirmeach sa mhais, ina bhfuil > 95 % snáithín adhmaid próiseáilte go ceimiceach de réir meáchain i gcoibhneas leis an gcion iomlán snáithíní, kraftliner, craftpháipéar saic agus earraí faoi cheannteideal 4802, 4803 nó 4808 a áireamh)
480452	craftpháipéar agus cairtchlár, neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnógacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm sa staid neamhfhillte, de mheáchan ≥ 225 g/m ² , tuartha go haonfhoirmeach sa mhais, ina bhfuil > 95 % snáithín adhmaid próiseáilte go ceimiceach de réir meáchain i gcoibhneas leis an gcion iomlán snáithíní (gan kraftliner, craftpháipéar saic agus earraí faoi cheanteidil 4802, 4803 nó 4808 a áireamh)

Cód AC	Ainm an earra
480459	craftpháipéar agus cairtchlár, neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm sa staid neamhfillte, de mheáchan $\geq 225 \text{ g/m}^2$ (gan neamhthuartha nó tuartha go haonfhoirmeach sa mhais agus ina bhfuil > 95 % snáithín adhmaid ullmhaithe go ceimiceach de réir meáchain i gcoibhneas leis an gcion iomlán snáithíní, agus kraftliner, craftpháipéar saic agus earraí faoi cheanteidil 4802, 4803 nó 4808 a áireamh)
480524	línealach tástáilte 'boird líneálaigh athchúrsáilte', neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm i staid neamhfillte, de mheáchan $\leq 150 \text{ g/m}^2$
480525	línealach tástáilte 'boird líneálaigh athchúrsáilte', neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm i staid neamhfillte, de mheáchan $> 150 \text{ g/m}^2$
480540	páipéar scagtha agus cairtchlár, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm ina riocht neamhfillte
480591	páipéar agus cairtchlár, neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm i staid neamhfillte, meáchan $\leq 150 \text{ g/m}^2$, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile.
480592	páipéar agus cairtchlár, neamhbhrataithe, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm i staid neamhfillte, de mheáchan $> 150 \text{ g}$ go $< 225 \text{ g/m}^2$, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile.
480610	pár déanta as glasraí, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnógacha nó i leatháin dhronuilleogacha, a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm ina riocht neamhfillte
480620	páipéir ghréiscdhíonacha, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnógacha nó i leatháin dhronuilleogacha, a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm ina riocht neamhfillte

Cód AC	Ainm an earra
480630	rianpháipéir, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnógacha nó i leatháin dhronuilleogacha, a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm ina riocht neamhfhillte
480640	gloine agus páipéir eile atá glónraithe, trédhearcach nó tréshoilseach, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm sa riocht neamhfhillte (gan pár glasraí, páipéir ghréiscdhíonacha agus rianpháipéir a áireamh)
480700	páipéar agus cairtchlár cumaisc ‘a dhéantar trí shraitheanna cothroma de pháipéar nó de chairtchlár a ghreamú le chéile le greamaitheach’, nach bhfuil brataithe ná tuilithe, bídis treisithe go himmheánach nó ná bídis, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm sa staid neamhfhillte
480890	páipéar agus cairtchlár, i bhfoirm síprise, creaptha, cabhartha nó pollta, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnógacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm ina riocht neamhfhillte (gan craftpháipéar saic agus craftpháipéar eile, agus earraí faoi cheannteideal 4803 a áireamh)
480920	páipéar féinchóipeála, bíodh sé priontáilte nó ná bíodh, i rollaí ar leithead > 36 cm nó i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 36 cm agus an taobh eile > 15 cm sa riocht neamhfhillte (gan páipéar carbóin agus páipéir chóipeála chomhchosúla a áireamh)
481013	páipéar agus cairtchlár a úsáidtear chun críocha scríbhneoireachta, clódóireachta nó chun críocha grafacha eile, nach bhfuil snáithíní ann a fhaightear trí phróiseas meicniúil nó próiseas ceimiceach-meicniúil nó ar snáithíní den sórt sin iad $\leq 10\%$ de réir meáchain den chion iomlán snáithíní, atá brataithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le caoilín nó le substaintí neamhorgánacha eile, i rollaí de mhéid ar bith
481019	páipéar agus cairtchlár a úsáidtear chun críocha scríbhneoireachta, clódóireachta nó chun críocha eile grafacha, nach bhfuil snáithíní ann a fhaightear trí phróiseas meicniúil nó próiseas ceimiceach-meicniúil nó ar snáithíní den sórt sin iad $\leq 10\%$ de réir meáchain den chion iomlán snáithíní, atá brataithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le caoilín nó le substaintí neamhorgánacha eile, i leatháin chearnacha nó dhronuilleogacha a bhfuil taobh amháin de > 435 mm nó a bhfuil taobh amháin de ≤ 435 mm agus an taobh eile de > 297 mm i riocht neamhfhillte

Cód AC	Ainm an earra
481022	páipéar brataithe éadrom arna úsáid chun críoch scríbhneoireachta, clódóireachta nó chun críoch grafach eile, meáchan iomlán $\leq 72 \text{ g/m}^2$, meáchan brataithe $\leq 15 \text{ g/m}^2$ an taoibh, ar bhonn ar a bhfuil $\geq 50 \%$ de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní comhdhéanta de shnáithíní a fhaightear trí phróiseas meicniúil, atá brataithe ar an dá thaobh le caoilín nó le substaintí neamhorgánacha eile, i rollaí nó i mbileoga cearnacha nó dronuilleogacha, de mhéid ar bith
481031	craftpháipéar agus cairtchlár, tuartha go haonfhoirmeach ar fud na maise agus ina bhfuil $> 95 \%$ snáithíní adhmaid próiseáilte go ceimiceach de réir meáchain i gcoibhneas leis an ábhar snáithíneach iomlán, atá brataithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le caoilín nó le substaintí neamhorgánacha eile, i rollaí nó i mbileoga cearnacha nó dronuilleogacha, ar mhéid ar bith, dar meáchan $\leq 150 \text{ g/m}^2$ (seachas iad sin a úsáidtear chun críoch scríbhneoireachta, priontála nó chun críoch grafach eile)
481039	craftpháipéar agus cairtchlár, atá brataithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le caoilín nó le substaintí neamhorgánacha eile, i rollaí nó i mbileoga cearnacha nó dronuilleogacha, ar thomhas ar bith (seachas chun críoch scríbhneoireachta, clódóireachta nó chun críoch grafach eile; páipéar agus cairtchlár tuartha go haonfhoirmeach sa mhais agus ina bhfuil $> 95 \%$ de snáithíní adhmaid a próiseáladh go ceimiceach de réir meáchain i gcoibhneas leis an gcion iomlán snáithíní)
481092	páipéar ilsrathach agus cairtchlár, atá brataithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le caoilín nó le substaintí neamhorgánacha eile, i rollaí nó i mbileoga cearnacha nó dronuilleogacha, ar thomhas ar bith (seachas chun críoch scríbhneoireachta, clódóireachta nó chun críoch grafach eile, craftpháipéar agus cairtchlár)
481099	páipéar agus cairtchlár, atá brataithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le cré shíneach nó le substaintí neamhorgánacha eile, bíodh ceanglóir acu nó ná bíodh, agus nach bhfuil aon bhratú eile orthu, bídis éadandaite, éadanmhaisithe nó clóite nó ná bídis, i rollaí nó i mbileoga cearnacha nó dronuilleogacha, ar thomhas ar bith (seachas chun críoch scríbhneoireachta, clódóireachta nó chun críoch grafach eile, craftpháipéar agus cairtchlár, páipéar ilsrathach agus cairtchlár, agus gan aon bhratú eile)
481110	páipéar agus cairtchlár tarra, biotúmanaithe nó asfaltaithe, i rollaí nó i mbileoga cearnacha nó dronuilleogacha, ar thomhas ar bith
481151	páipéar agus cairtchlár, éadandaite, éadanmhaisithe nó clóite, brataithe, tuilithe nó clúdaithe le roisíní saorga nó plaistigh shaorga, i rollaí nó i mbileoga cearnacha nó dronuilleogacha, ar thomhas ar bith, tuartha agus meáchan $> 150 \text{ g/m}^2$ (seachas greamacháin)

Cód AC	Ainm an earra
481159	páipéar agus cairtchlár, éadandaite, éadanmhaisithe nó clóite, brataithe, tuilithe nó clúdaithe le roisíní saorga nó plaistigh shaorga, i rollaí nó i mbileoga cearnacha nó dronuilleogacha, ar thomhas ar bith (seachas tuartha agus meáchan > 150 g/m ² , agus greamacháin)
481160	páipéar agus cairtchlár atá brataithe, tuilithe nó clúdaithe le céir, céir phairifin, stéirin, ola nó gliocról, i rollaí nó i mbileoga cearnacha nó dronuilleogacha, ar thomhas ar bith (seachas earraí faoi cheannteidil 4803, 4809 agus 4818)
481190	páipéar, cairtchlár, focas ceallalóise agus uigí de cheallalós bog, brataithe, tuilithe, clúdaithe, éadandaite, éadanmhaisithe nó clóite, i rollaí nó i mbileoga cearnacha nó dronuilleogacha, ar thomhas ar bith (seachas earraí faoi cheannteidil 4803, 4809, 4810 agus 4818, agus faoi fho-cheannteideal 4811.10 go 4811.60)
481490	ballapháipéar agus clúdaigh balla páipéir chomhchosúla, agus páipéar trédhearcach fuinneog, (seachas clúdaithe páipéir balla a bhfuil a n-aghaidh brataithe nó clúdaithe ina bhfuil sraith de phlaistigh atá snaithíneach, cabhartha, daite, a bhfuil dearadh clóite uirthi nó atá maisithe ar bhealach eile)
481920	cartáin infhillte, boscaí infhillte agus cásanna infhillte, as páipéar neamhroctha nó as cairtchláir neamhroctha
482210	eiteáin, spóil, próistí agus tacaí comhchosúla, as laíon adhmaid, as páipéar nó as cairtchlár, bídís pollta nó cruaithe nó ná bídís, le haghaidh snáth teicstíle a chasadh
482320	scagpháipéar agus cairtchlár, i stiallacha nó i rollaí de leithead ≤ 36 cm, i mbileoga dronuilleogacha nó cearnacha nach bhfuil aon taobh díobh > 36 cm ina riocht neamhfillte, nó gearrtha de réir crutha seachas dronuilleogach nó cearnógach
482340	rollaí, leatháin agus diaileanna, priontáilte le haghaidh gairis féintaifeadta, i rollaí ar leithead ≤ 36 cm, i mbileoga dronuilleogacha nó cearnacha nach bhfuil aon taobh díobh > 36 cm ina riocht neamhfillte, nó gearrtha i ndialanna
482370	nithe atá múnlaithe nó brúite as laíon adhmaid, n.e.s.
490600	pleananna agus líníochtaí chun críoch ailtireachta, tionsclaíochta, tráchtála, topagrafaíochta nó críoch comhchosúil, ar bunábhair a tarraingíodh de láimh iad; téacsanna lámhscríofa; macasamhlacha fótagrafacha ar pháipéar íograithe agus cóipeanna carbóin den mhéid réamhráite

Cód AC	Ainm an earra
510539	fionnadh ainmhíoch mín, é cardáilte nó cíortha (seachas olann agus fionnadh ó ghabhair ‘chaismíreacha’)
510540	fionnadh ainmhíoch garbh, é cardáilte nó cíortha
510610	snáth olla cardáilte ina bhfuil ≥ 85 % olann de réir meáchain (seachas olann atá cóirithe lena miondíol)
510620	snáth olla cardáilte ina bhfuil den chuid is mó, ach < 85 % olann de réir meáchain (seachas olann atá cóirithe lena miondíol)
510720	snáth as olann chíortha ina bhfuil an chuid is mó, ach < 85 % d’olann de réir meáchain (seachas olann atá cóirithe lena mhiondíol)
511211	fabraicí fite ina bhfuil ≥ 85 % d’olann cíortha nó fionnadh ainmhíoch mín cíortha de réir meáchain agus meáchain 200 g/m^2 (seachas fabraicí le haghaidh úsáidí teicniúla faoi cheannteideal 5911)
511219	fabraicí fite ina bhfuil ≥ 85 % d’olann cíortha nó fionnadh ainmhíoch mín cíortha de réir meáchain agus dar meáchan $> 200 \text{ g/m}^2$
520521	snáth singil cadáis, as snáithíní cíortha, ina bhfuil ≥ 85 % cadás de réir meáchain agus a bhfuil dlús líneach $\geq 714,29$ deiciteics ‘ \leq mn 14’ (seachas snáithe fuála agus snáth atá cóirithe lena mhiondíol)
520528	snáth singil cadáis, as snáithíní cíortha, ina bhfuil ≥ 85 % cadás de réir meáchain agus a bhfuil dlús líneach $< 83,33$ deiciteics ‘ $>$ mn 120’ aige (seachas snáithe fuála agus snáth fuála atá cóirithe lena mhiondíol)
520541	abhras iolrach ‘fillte’ cadáis nó snáth cáblaithe cadáis, de shnáithíní cíortha, a bhfuil ≥ 85 % cadás de réir meáchain ann agus a bhfuil dlús líneach $\geq 714,29$ deiciteics ‘ \leq mn 14’ aige in aghaidh an tsnátha shingil (seachas snáithe fuála agus snáth atá cóirithe lena mhiondíol)
520642	abhras iolrach ‘fillte’ cadáis nó snáth cáblaithe cadáis ina bhfuil den chuid is mó, ach atá < 85 % de chadás de réir meáchain, de shnátha cíortha ina bhfuil dlús líneach $232,56$ deiciteics go $< 714,29$ deiciteics ‘ $>$ mn 14 go mn 43’ in aghaidh an tsnátha shingil (seachas snáithe fuála agus abhras fuála atá cóirithe lena mhiondíol)

Cód AC	Ainm an earra
520911	fabraicí fite pléineáilte cadáis, ina bhfuil ≥ 85 % cadás de réir meáchain agus dar meáchan > 200 g/m ² , neamhthuartha
521119	fabraicí fite cadáis, ina bhfuil cadás don chuid is mó ach < 85 % cadáis de réir meáchain, agus iad measctha go príomha nó go leithleach le snáithíní de dhéantús an duine agus arb é a meáchan > 200 g/m ² , neamhthuartha (seachas iad siúd atá i gcorrán trí shnáth nó i gcorrán ceithre shnáth, lena n-áirítear croschorrán, agus fabraicí fite pléineáilte)
521151	fabraicí fite cadáis, ina bhfuil cadás don chuid is mó ach < 85 % cadáis de réir meáchain, agus iad measctha go príomha nó go leithleach le snáithíní de dhéantús an duine agus arb é a meáchan > 200 g/m ² , priontáilte
521159	fabraicí fite cadáis, ina bhfuil cadás don chuid is mó ach gur cadás < 85 % díobh de réir meáchain, agus iad measctha go príomha nó go leithleach le snáithíní de dhéantús an duine agus arb é a meáchan 200 g/m ² , priontáilte (seachas iad siúd atá i gcorrán trí shnáth nó i gcorrán ceithre shnáth, lena n-áirítear croschorrán, agus fabraicí fite pléineáilte)
530820	snáth cnáibe
540263	snáth filiméadach ‘fillte’ nó snáth cáblaithe as polapróipiléin, lena n-áirítear aonfhiliméad < 67 deiciteics (seachas snáithe fuála, snáth atá cóirithe lena mhiondíol agus snáth uigithe)
540333	snáth filiméid as aicéatáit cheallalóis, lena n-áirítear aonfhiliméad de < 67 deiciteics, singil (seachas snáithe fuála, snáth ardrighnis agus snáth atá cóirithe lena mhiondíol)
540342	snáth filiméadach ‘fillte’ nó snáth cáblaithe as aicéatáit cheallalóis, lena n-áirítear aonfhiliméad < 67 deiciteics (seachas snáithe fuála, snáth ardrighnis agus abhras atá cóirithe lena mhiondíol)
540412	monafhiliméad polapróipiléine ≥ 67 deiciteics agus le toise trasghearrthach de ≤ 1 mm (seachas leaistiméirí)
540419	aonfhiliméad sintéiseach ≥ 67 deiciteics agus le toise trasghearrthach de ≤ 1 mm (seachas leaistiméir agus polapróipiléin)
540490	stíall agus a leithéid, e.g. tuí saorga, as ábhar teicstíle sintéiseach, ar leithead dealraitheach ≤ 5 mm
540730	fabraicí fite as snáth filiméid shintéisigh, lena n-áirítear aonfhiliméad de ≥ 67 deiciteics agus a bhfuil toise trasghearrthach de ≤ 1 mm acu, arb é atá iontu sraitheanna de shnáthanna comhthreomhara teicstíle atá forshuite ar a chéile ag géaruillinn nó ar dheis, agus na sraitheanna á nascadh ag codanna den abhrais le greamachán nó le nascadh teirmeach

Cód AC	Ainm an earra
550190	barrach filiméid shintéisigh mar atá sonraithe i nóta 1 de chaibidil 55 (seachas tuáillí aicrileach, modaicrileach, poileistir, polapróipiléin, níolón nó filiméad polaimíde eile)
550210	barrach filiméid shaorga mar atá sonraithe i nóta 1 go dtí caibidil 55, ó aicéatáit
550319	snáithíní stáplacha níolóin nó polaimídí eile, nach bhfuil cardáilte, cíortha ná próiseáilte ar bhealach eile lena sníomh (seachas iad siúd ó araimíd)
550340	snáithíní stáplacha polapróipiléine, nach bhfuil cardáilte, cíortha ná próiseáilte ar bhealach eile lena sníomh
550490	snáithíní stáplacha saorga, nach bhfuil cardáilte, cíortha ná próiseáilte ar bhealach eile lena sníomh (seachas snáithíní as réon vioscóis)
550640	snáithíní stáplacha polapróipiléine, cardáilte, cíortha nó próiseáilte ar shlí eile lena sníomh
550700	snáithíní stáplacha saorga, cardáilte, cíortha nó próiseáilte ar bhealach eile lena sníomh
551221	fabraicí fite ina bhfuil ≥ 85 % de shnáithíní stáplacha aicrileach nó snáithíní stáplacha modaicrileacha de réir meáchain, neamhthuartha nó tuartha
551299	fabraicí fite ina bhfuil ≥ 85 % de shnáithíní stáplacha sintéiseacha de réir meáchain, iad daite, déanta as snáth de dhathanna éagsúla nó priontáilte (seachas iad siúd as snáithíní stáplacha as aicrileach, modaicrileach nó poileistir)
551644	fabraicí fite ina bhfuil cion den chuid is mó, ach < 85 % snáithíní stáplacha saorga de réir meáchain, arna meascadh go príomha le cadás nó le cadás amháin, priontáilte
551694	fabraicí fite ina bhfuil cion meáchain den chuid is mó, ach < 85 % snáithíní stáplacha saorga de réir meáchain, seachas iad siúd arna meascadh go príomha nó le cadás, olann, fionnadh ainmhíoch mín nó filiméad de dhéantús an duine amháin, priontáilte
560129	flocas as ábhair theicstíle agus earraí déanta as (seachas cadás nó snáithíní de dhéantús an duine; tuáillí sláinteachais agus súitíní, naipcíní agus líneálacha naipcín do bhabaithe agus earraí sláinteachais comhchosúla, as floccas agus earraí díobh, atá tuilthe nó clúdaithe le substaintí íocleasaithe nó atá cóirithe chun críoch míochaine, máinliachta, déidliachta nó tréidliachta, nó atá tuilthe, brataithe nó clúdaithe le cumhráin, smideadh, gallúnach, gníomhaithe glantacháin, etc.)

Cód AC	Ainm an earra
560130	flocas agus deannach teicstíle agus brutha muilinn
560490	snáth teicstíle, stiall agus a leithéid atá faoi cheannteideal 5404 agus 5405, atá tuilthe, brataithe, clúdaithe nó cumhdaithe le rubar nó le plaistigh (seachas cnó bréige, snáithe agus corda le ceangaltáin duáin éisc nó cóirithe ar bhealach eile mar líne iascaireachta)
560500	snáth miotalaithe, bíodh sé galúnaithe nó ná bíodh, ar snáth teicstíle é, nó stiall nó a leithéid atá faoi cheannteideal 5404 nó 5405, as snáithíní teicstíle, i gcomhcheangal le miotal i bhfoirm snáithe, stiall nó púdair nó clúdaithe le miotal (seachas snáth atá monaraithe as meascán snáithíní teicstíle agus snáithíní miotail, a bhfuil airíonna frithstatacha acu; abhrais atá treisithe le sreang mhiotail; earraí de chineál ciumhsóga; snátha a threisítear le sreang mhiotail; earraí de chineál ciumhsóga)
560741	sreangán ceanglóra nó burlála, as poileitiléin nó as polapróipiléin
580127	fabraicí caitíneacha dlúith, as cadás (seachas tuáille gibíneach agus fabraicí fite súiteacha comhchosúla, fabraicí teicstíle stothacha agus fabraicí fite cúnga atá faoi cheannteideal 5806)
580300	uige (seachas fabraicí fite cúnga atá faoi cheannteideal 5806)
580640	fabraicí cúnga arb é atá iontu dlúth gan inneach a chóimeáiltear le greamaitheach 'bolducs', ar leithead ≤ 30 cm
590110	fabraicí teicstíle atá brataithe le guma nó substaintí amáláiseacha, de chineál a úsáidtear do chlúdaigh sheachtracha leabhar, do mhonarú boscaí agus earraí cairtchláir nó a leithéidí
590500	clúdaigh bhalla theicstíle
590800	buaicis teicstíle, iad fite, trilsithe nó cníotáilte, do lampaí, do shoirn, do lastóirí, do choinnle nó a leithéidí; cochaill gáis ghealbhruthaigh agus fabraic fheadánach chníotáilte cochaill gáis díobh, bídís tuilte nó ná bídís (seachas buaicis chéaracha den chineál téipe, fiús agus fiús madhmtha, buaicis i bhfoirm snáth teicstíle agus buaiceanna snáithíní gloine)
591000	criosanna nó beilteanna tarchurtha nó iompair, d'ábhar teicstíle, bídís tuilthe, brataithe, clúdaithe nó lannaithe le plaistigh nó ná bíodh, nó treisithe le miotal nó le hábhar eile (seachas iad siúd atá ar tiús < 3 mm agus a bhfuil fad éiginnte nó gearrtha neamhchinntithe acu ar fad amháin, agus iad siúd atá tuilthe, brataithe, clúdaithe nó lannaithe le rubar nó atá déanta as snáth nó corda atá tuilthe nó brataithe le rubar)

Cód AC	Ainm an earra
591110	fabraicí teicstíle, feilt agus fabraicí fite feilt-líneáilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe le rubar, le leathar nó le hábhar eile, de chineál a úsáidtear le haghaidh carda-éadaí, agus fabraicí comhchosúla de chineál a úsáidtear chun críoch teicniúil eile, lena n-áirítear fabraicí cúnga as veilbhit atá tuilte le rubar, chun fearsaí fíodóireachta ‘bíomáí fíodóireachta’ a chlúdach
